



Treoir maidir le Ceanglais Sábháilteachta ó Dhóiteán agus Pleanála do Phróiseas Athchlárúcháin agus Athraithe Imthosca Seirbhísí Luathbhlianta

Leagan:	V2
Dáta na heisiúna seo:	03/2021
Dáta na heisiúna deireanaí:	

1.0 Réamhrá	Error! Bookmark not defined.
2.0 Doiciméid don Phróiseas Athchlárúcháin do Shuíomhonna Luathbhlianta a chur isteach	Error! Bookmark not defined.
3.0 Sainmhínte	Error! Bookmark not defined.
4.0 Cead Pleanála	Error! Bookmark not defined.

1.0 Réamhrá

Is príomh-shaincheist é oiriúnacht agus sábháilteacht áitreabh a úsáidfear mar shuíomhanna cúraim

agus foghlama maidir le soláthar ar ardchaighdeán do leanaí sna luathbhlianta a mheas. Leagann Cuid 12, Alt 58 G dualgas ar sholáthraithe a chinntiú go ndéanann siad gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas leanaí a chosaint. Tagann formhór na suíomhanna luathbhlianta faoin gcatagóir ghrúpa cuspóra faoin reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a éilíonn ar sholáthraithe a chinntiú go gcomhlíonann an suíomh luathbhlianta forálacha sonracha faoi na rialacháin maidir le sábháilteacht ó dhóiteán i ndearadh foirgneamh agus comhlíonadh. Caithfear na ceanglais maidir le dóiteán a bhrath agus a choinneáil faoi smacht agus maidir le leanaí, baill foirne a aslonnú go sábháilte i gcás dóiteáin a mheas. Is é an t-údarás reachtúil chun ceanglais deimhniúcháin dóiteáin do sheirbhísí luathbhlianta nua nó atá ann cheana a léirmhíniú agus a chinneadh ná rannóg seirbhíse dóiteáin an údaráis áitiúil a oibríonn faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG).

Tá Seirbhísí Luathbhlianta faoi réir srianta agus ceadanna pleanála, tá na forálacha seo ann chun a chinntiú go bhfeidhmíonn seirbhísí luathbhlianta áitribh shábháilte agus oiriúnacha, in áitribh agus i dtimpeallachtaí atá oiriúnach don fheidhm.

Cosúil le ceanglais um chomhlíonadh dóiteáin is í rannóg phleanála an údaráis áitiúil an t-aon ghníomhaireacht ar féidir léi ceanglais phleanála aon seirbhíse luathbhlianta a chinneadh.

Ceadaítear clárú i gcás ina bhfuil Tusla sásta nach gcruthaíonn an t-áitreabh, a oibriú ná a shuíomh aon riosca neamh-inbhainistithe do leanaí.

2.0 Doiciméid don Phróiseas Athchlárúcháin do Shuíomhonna Luathbhlianta a chur isteach

Ó 2016 nuair a tugadh clárú isteach do shuíomhanna luathbhlianta, ceadaítear do sheirbhísí luathbhlianta Cuid 12, Airteagal 58 (D) (4) a bheith cláraithe ar feadh tréimhse 3 bliana agus éilítear ar sholáthraithe iarratas a dhéanamh arís ar chlárú ar dhul in éag na tréimhse sin. Maidir le soláthraithe a bhí ag feidhmiú tráth tabhairt isteach na reachtaíochta seo in 2016, faoi chláisail idirthréimhseacha measadh go raibh siad cláraithe go dtí deireadh 2019 agus air sin cheanglófaí orthu athchlárú. Tá gach iarratas nua ar chlárú faoi réir na ceanglais dóiteáin agus pleanála a chomhlíonadh agus d'fhonn cabhrú le soláthraithe atá ann cheana ceanglais dóiteáin agus pleanála le haghaidh athchlárúcháin a chomhlíonadh d'fhorbraíomar, i gcomhairle le Cumann Príomhoifigeach Dóiteáin na hÉireann, an treoir seo a leanas maidir le ceanglais sábháilteachta dóiteáin agus phleanála chun críocha clárúcháin.

Tá sé rithábhachtach go gcinntíonn soláthraithe a bhfuil deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán acu cheana féin go bhfuil an deimhniú sin tacaithe ag deimhnithe críochnaithe nuair is infheidhme, nó litreacha dearbhairte ó dhuine inniúil go bhfuil an obair dearaidh foirgneamh go leir maidir le sábháilteacht ó dhóiteán curtha i gcrích de réir an iarratais a cuireadh isteach. Tá sé de dhualgas ar sholáthraithe a bheith eolach faoina bhfreagrachtaí i gcás ina ndearnadh athruithe ábhartha ar áitreabh, nó i gcás inar tharla athrú úsáide ó cuireadh tús leis mar sheirbhís luathbhlianta chun a chinntiú go ndéantar na cáipéisí riachtanacha u. rialú foirgníochta a nuashonrú dá réir.

Ar mhaithe le héascaíocht tá na ceanglais curtha i gcatagóirí againn ar an tábla thall. Ba chóir a thabhairt faoi deara ón tús go meabhraítear do sholáthraithe go bhféadfaidís a bheith bailí fós chun críocha athchlárúcháin i gcás ina raibh pleanáil agus deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán acu tráth a gcéad chlárúcháin in 2016, ach sa chás go ndearnadh aon athruithe ábhartha ar an áitreabh ó bhí 2016 ann go mbeidh gá le deimhniú pleanála agus sábháilteachta dóiteáin nuashonraithe.

3.0 Sainmhínte

Measúnú Riosca Dóiteáin: Leagann sé amach modheolaíocht shonrach a úsáidtear chun measúnú riosca dóiteáin a dhéanamh mar shampla PAS 79 mar a úsáidtear sa RA, díríonn sé ar a chinntiú go ndéantar an fhaisnéis agus an t-ábhar riachtanach go léir maidir le measúnú riosca dóiteáin agus na torthaí mar baineann siad le reachtaíocht Sábháilteachta ó dhóiteán araon a thairfead. Ba cheart go ndéanfadh measúnú riosca measúnú ar chomhlíonadh le cód Sábháilteachta Dóiteáin i Réamhscoileanna 1999 (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 1999)

Duine inniúil: Sainmhínítear duine inniúil san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005) mar: *“meastar gur duine inniúil é duine más rud é, ag féachaint don tasc a cheanglaítear air nó uirthi a dhéanamh agus méid agus/nó castacht an fhoirgnimh nó na n-oibreacha á gcur san áireamh, go bhfuil oiliúint, taithí agus eolas leordhóthanach oiriúnach dó cineál na hoibre atá le déanamh ag an duine “ (Alt 2-(2)(a))*

Maidir le rialacháin rialaithe foirgníochta, is daoine inniúla um Measúnú Sábháilteachta Dóiteáin i leith aon oibreacha ar shaoráid réamhscoile nó luathbhlianta iad:

(a) **Ailtirí** atá ar an gclár coimeádta ag an RIAI faoi Mhír 3 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007;

(b) **Suirbhéirí Foirgníochta** atá ar an gclár coimeádta ag an SCSÍ faoi Mhír 5 den Acht um Rialú Foirgníochta 2007;

(c) **Innealtóirí Cairte** atá ar an gclár coimeádta ag Innealtóirí Éireann faoi alt 7 den Acht um Institiúid Innealtóirí Sibhialta na hÉireann (Cairt a Leasú) 1969.

Athrú Ábhartha: Athrú ar áitreabh a tharlaíonn tar éis deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán nó Cead Pleanála a dheonú. Ina leithéid de chás b'fhéidir go dteastóidh deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán nua nó athrú a dhéanamh ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin atá ann cheana. Maidir le pleanáil, d'fhéadfadh go mbeadh gá le hiarratas a dhéanamh ar leasú sonrath.

Athrú Úsáide: Ciallaíonn sé seo **athrú** ar an gcuspóir dá n-úsáidtear áitreabh tar éis a chéad chead úsáide a bheith tugtha. Is gnách go mbíonn cead pleanála agus deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán breise ag teastáil do na hathruithe seo.

Coinníollacha: Is féidir iad a chur i bhfeidhm ar dheimhniú sábháilteachta dóiteáin nó ar dheonú Cead Pleanála. Caithfear aon choinníoll a ghabhann leo a chomhlíonadh. Lorgóidh an fhoireann chlárúcháin deimhniú gur comhlíonadh aon choinníoll.

Sábháilteacht ó Dhóiteán i Réamhscoileanna 1999 (An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 1999): Tá na ceanglais maidir le sábháilteacht ó dhóiteán a chaithfidh suíomhanna Luathbhlianta iad a chomhlíonadh leagtha amach sa doiciméad seo. Tá freagrachtaí na soláthraithe mar atá léirithe san Acht um Sheirbhísí Dóiteáin 1981 leagtha amach ann go sonrath. Tá an treoidhoiciméad seo á nuashonrú faoi láthair agus athfhoilseofar é. Tá sé fós ábhartha.

Forbairt Neamhúdaraithe: Tá forbairt neamhúdaraithe nuair a bhíonn Cead Pleanála ag teastáil, ach ní bhfuarthas é, agus nuair nach bhfuil an forbairt díolmhaithe.

Tábla 1: Ceanglais Deimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin do Athchlárúchán Seirbhísí Luathbhlianta de réir catagóire

Catagóir	Ceanglas 1	Ceanglas 2	Mura bhfuil se ar fáil	Nóta
Osclaíodh an tseirbhís laistigh den 5 bliana anuas.	Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán	Comhlíonadh ar Dheimhniú Críochnaithe lena n-áirítear ráiteas go ndearnadh na hoibreacha go léir de réir an iarratais phleanála agus gur comhlíonadh aon choinníollacha a chuir an chomhairle i bhfeidhm, agus gur tógadh an t-áitreabh de réir na rialachán tógála.	Mura bhfuil na cáipéisí seo ar fáil tráth an iarratais, beidh Measúnú Riosca * le déanamh ag duine inniúil ** agus caithfear aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí láithreacha, caithfear dul i gcomhairle leis an údarás ábhartha chun rialtú a lorg, caithfear toradh an phróisis sin a chur isteach a d'fheadfadh ceanglas a chur ar an iarratasóir deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán a fháil, más é sin an cás, gcaithfear an doiciméad seo a chur isteach, a luaithe a gheofar é.	Ba cheart iad seo a fháil tráth thús na hoibríochta. Mar sin féin, Beidh uasteorainn ama 6 mhí ag an soláthraí tar éis an Measúnú Riosca Dóiteáin (FRA) a chur i gcrích. Ní mór tuarascáil an FRA a chur isteach in éineacht le hiarratas ar chlárú.

Catagóir	Ceanglas 1	Ceanglas 2	Mura bhfuil se ar fáil	Nóta
<p>Osclaíodh an tseirbhís ón 1 Iúil, 1992 - anois</p>	<p>Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán</p>	<p>Deimhniú ó dhuine inniúil go ndearnadh na hoibreacha go léir de réir an iarratais phleanála agus gur comhlíonadh téarmaí an údaráis sábháilteachta dóiteáin.</p>	<p>Mura bhfuil na cáipéisí seo ar fáil tráth an iarratais, beidh Measúnú Riosca le déanamh ag duine inniúil * agus tabharfar aghaidh ar aon rioscaí láithreacha ata ann.</p> <p>Ansín tá dhá rogha ann</p> <p>Rogha 1; Téigh i gcomhairle leis an údarás áitiúil</p> <p>Rogha 2: Tuairisc ó dhuine inniúil go gcomhlíonann an t-áitreabh na ceanglais “Sábháilteacht ó Dhóiteán i Suíomhanna Réamhscoile 1999”</p>	<p>Caithfear an Tuarascáil Measúnaithe Riosca a chur isteach in éineacht le hiarratas ar chlárú. Caithfear aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí láithreacha sainaitheanta sa tuarascáil. Caithfidh an soláthraí cén rogha a bheidh á úsáid aige/aici a chur in iúl don Oifig Clárúcháin tráth an iarratais.</p> <p>Beidh uasteorainn ama 6 mhí ag soláthraithe ó dháta an iarratais a chun aon oibreacha neamhphráinneacha nach ndearnadh a chur i gcrích nó ceisteanna maidir le comhlíonadh an chóid chleachtas maidir le Sábháilteacht ó Dhóiteán i Suíomhanna Réamhscoile a réiteach.</p>

Catagóir	Ceanglas 1	Ceanglas 2	Mura bhfuil sé ar fáil	Nóta
Seirbhís a Osclaíodh roimh 1 Iúil, 1992	Measúnú Riosca Dóiteáin	Tuairisc ón duine inniúil go gcomhlíonann an t-áitreabh na ceanglais “Sábháilteacht ó Dhóiteán i Suíomhanna Réamhscoile 1999 agus measúnú riosca dóiteáin.	N/B	<p>Caithfear an Tuarascáil ar Mheasúnú Riosca a chur isteach le hiarratas ar chlárú. Caithfear aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí láithreacha sainaitheanta sa tuarascáil.</p> <p>Beidh uasteorainn ama 6 mhí ag soláthraithe ó dháta an iarratais a chun aon ábhair neamhphráinneacha a bhaineann leis an gcód cleachtais um Shábháilteacht ó Dhóiteán i Suíomhanna Réamhscoile a chur i gcrích.</p>
Seirbhísí a osclaíodh tar éis 1992 - go 1 Márta, 2014 le Deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán ann cheana i gcás athrú úsáide nó athrú ábhartha *** ar an áitreabh lena n-áirítear síntí > 25m2	Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán agus tuairisc ón duine inniúil go ndearnadh na hoibreacha go léir de réir an iarratais phleanála agus gur comhlíonadh aon choinníollacha a chuir an t-údarás áitiúil i bhfeidhm.	Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán nuashonraithe agus tuairisc ón duine inniúil go ndearnadh na hoibreacha go léir de réir an iarratais ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán agus gur comhlíonadh aon choinníollacha a chuir an chomhairle i bhfeidhm. Fógra tosaithe	Maidir le hathrú ábhartha nó athrú úsáide caithfear Measúnú Riosca a dhéanamh agus caithfear aon oibreacha ar chúis imní láithreach iad a dhéanamh. Comhlíonadh leis an tuarascáil um Shábháilteacht ó Dhóiteán i Réamhscoil 1991.	Beidh uasteorainn ama 6 mhí ag soláthraithe ó dháta curtha isteach an iarratais chun aon ábhair neamhphráinneacha nár déanadh fós a chur i gcrích.
Seirbhísí a osclaíodh ón 1 Márta 2014 le Deimhniú sábháilteachta ó dhóiteán ann cheana i gcás athrú	Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán agus tuairisc ón duine inniúil go raibh na hoibreacha go léir	Teastas nuashonraithe dóiteáin agus Deimhniú Comhlíonta ar chríochnú. Fógra tosaithe.	Caithfear Measúnú Riosca a dhéanamh agus caithfear aon oibreacha ar chúis imní láithreach iad a dhéanamh.	Beidh uasteorainn ama 6 mhí ag soláthraithe tar éis an Measúnú Riosca Dóiteáin a dhéanamh chun an comhaontú maidir le

úsáide nó athrú ábhartha *** ar an áitreabh lena n-áirítear síntí > 25m2	a rinneadh de réir an iarratais phleanála agus gur comhlíonadh aon choinníollacha a chuir an chomhairle i bhfeidhm.		Téigh i gcomhairle leis an údarás Áitiúil ábhartha chun roghanna rialtaíthe a chomhaontú. Tuarascáil “Sábháilteacht ó Dhóiteán i Suíomhanna Réamhscoile 1999” a chomhlíonadh	rialtú a rinneadh leis an údarás áitiúil a chur i bhfeidhm.
--	---	--	--	--

4.0 Cead Pleanála

Is é cuspóir Cead Phleanála a chinntiú go bhfuil suíomh, déantús agus úsáid beartaithe aon áitreabh atá ann cheana féin nó atá beartaithe le tógáil sábháilte dá úsáideoirí, oiriúnach don fheidhm agus nach mbeidh aon riosca so-aitheanta ann mar gheall ar a oibriú. Teastaíonn Cead Pleanála freisin le haghaidh athruithe úsáide nó le haghaidh athruithe ábhartha ar áitribh atá ann cheana laistigh de pharaiméadair áirithe.

In Éirinn meastar go bhfuil forbairtí áirithe agus/nó oibreacha athraithe áirithe díolmhaithe ó cheadanna. Tá go leor téarmaí míchearta agus míthuiscintí ann maidir leis cad iad na ceanglais Cheada Pleanála in earnáil na luathbhlianta. Ní treoir maidir le pleanáil é seo agus dá bhrí sin molaimid go ndéantar gach ceist phleanála a bhaineann le suíomh luathbhlianta de chineál ar bith a tharchur chuig comhairle contae an cheantair áitiúil.

In Éirinn is faoi na húdaráis áitiúla aon cheist maidir le Cead Pleanála a chinneadh. Ó thaobh clárúchán de, is é an t-aon cheist a bhaineann le Cigireacht Luathbhlianta Tusla ná sábháilteacht leanaí, agus cosúil le sábháilteacht ó dhóiteán d'fhéadfadh go mbeadh foirgneamh mí-oiriúnach le húsáid mar sheirbhís luathbhlianta mar gheall ar shuíomh agus déantús nó tógáil an fhoirgnimh.

Tá go leor soláthraithe ag brath ar an “Riail Seacht mBliana” a bheith ann agus iarratas á dhéanamh acu ar chlárú d'áitribh atá in úsáid faoi láthair mar Sheirbhís Luathbhlianta. Tá feidhm ag an riail seo maidir le cad a shainmhínítear sa reachtaíocht mar fhorbairt neamhúdaraíthe i.e. seirbhísí atá ag oibriú gan Cead Pleanála. Tagraíonn an riail don choincheap go bhfuil na húdaráis phleanála faoi urchosc reachta forfheidhmiú i gcoinne forbairtí neamhúdaraíthe. Tá sé díorthaithe ó Alt 157 (4) den Acht Pleanála agus Forbartha 2000, a choisceann gníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh tar éis 7 mbliana d'úsáid neamhúdaraíthe. Ní hionann sin is a rá, áfach, go bhfaighidh an fhorbairt Cead Pleanála in éagmais forfheidhmithe. Measfar gur forbairt neamhúdaraíthe an fhorbairt go dtí go rialtófar í. Go bunúsach chuirfeadh sé seo cosc an seirbhís a dhíol mar ghnóthas leantach nó ar aistriú úinéireachta chuig páirtí eile le húsáid go leanúnach mar shuíomh luathbhlianta.

Tabhair faoi deara, áfach, nach mbaineann an bhearna seo go huathoibríoch le háitribh a fuair cead pleanála i dtosach ach nár oibrigh ina dhiaidh sin faoi théarmaí an cheada phleanála sin, lena n-áirítear mainneachtain coinníoll ceangailte a chomhlíonadh. Ba chóir a bheith cúramach i gcásanna mar seo mar nach bhfuil na ceisteanna seo faoi urchosc reachta agus mar go mbíonn beartais forfheidhmithe pleanála éagsúla ag údaráis áitiúla. Molann Cigireacht Luathbhlianta Tusla go ndéanfadh soláthraithe teagmháil lena n-údarás áitiúil chun teacht ar chomhaontú maidir le conair rialtachta iomchuí.

De ghnáth ní sholáthraíonn údaráis áitiúla fianaise nó dearbhú ar fhorbairtí neamhúdaraíthe ná ní sholáthraíonn siad litreacha suaimhnis maidir le forfheidhmiú pleanála. Ní thugann Tusla cead do sheirbhís ar bith oibriú in aon áit ar leith ach aithníonn sí na forálacha atá sna hAchtanna Pleanála. Mar sin féin, i gcás go bhfuil aon imní ann maidir le sábháilteacht na leanaí a eascróidh as aon ábhar a bhaineann le húsáid, le suíomh nó le struchtúr aon seirbhíse luathbhlianta, glacfaidh Tusla le cúnamh ón údarás áitiúil ábhartha d'fhonn dearbhú a lorg go bhfuil leanaí san áitreabh sin sábháilte. Ní ghlacann Tusla aon fhreagracht ná dliteanas as cúrsaí pleanála i seirbhísí luathbhlianta ach forchoimeádann sé an ceart faoi Airteagal 6 den Rialachán faoin Acht um Chúram Leanáí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 gach faisnéis a chuirtear ar fáil mar thaca le haon iarratas ar chlárú a fhaightear a mheas agus a fhíorú.

Mar a luadh cheana, meastar gur aonáin tráchtála iad formhór na Seirbhísí Luathbhlianta agus mar sin tá siad faoi réir Cead Pleanála iomchuí.

Féach tábla 2 le haghaidh cúnamh le riachtanais phleanála maidir le hathchlárú Seirbhíse Luathbhlianta.

Tábla 2: Ceanglais Cheada Pleanála

Catagóir	Ceanglas 1	Ceanglas 2	Mura bhfuil se ar fáil	Nóta
Seirbhís ag feidhmiú ar feadh tréimhse nach faide ná seacht mbliana	Cead Pleanála	Dearbhú ó dhuine inniúil gur comhlíonadh aon choinníollacha más bainteach.	Iarratas ar choinneáil cead a pleanála nó rialtú déanta leis an údarás áitiúil ábhartha Application made for planning retention or regularisation with relevant local authority	Caithfidh an soláthraí fianaise a sholáthar ón údarás áitiúil go ndearnadh iarratas ar choinneáil Cead a Pleanála. Nuair a bheidh cead faofa ní mór don soláthraí cóip den phleanáil a chur faoi bhráid na hOifige Cigireachta Luathbhlianta. Nuair a bheidh coinníollacha curtha i bhfeidhm ní mór don soláthraí dearbhú a sholáthar ón duine inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha.
Feighlí leanaí ina t(h)each féin	Níl Cead Pleanála Ag teastáil			Beidh Cead Pleanála ag teastáil chun foirgnimh in-díshuite nó síntí suntasacha a úsáid chun críocha cúraim leanaí.

<p>Feighlí leanáí ina t(h)each féin le foirgneamh in-díshuite i ngairdín ag feidhmiú ar feadh tréimhse nach faide ná seacht mbliana</p>	<p>Cead Pleanála Riachtanach nó deimhniú díolúine ó údarás áitiúil</p>	<p>Dearbhú ó dhuine inniúil gur comhlíonadh aon choinníollacha más bainteach.</p>	<p>Iarratas ar choinneáil ceada pleanála déanta leis an údarás áitiúil ábhartha</p>	<p>Caithfidh an soláthraí fianaise a sholáthar ón údarás áitiúil go ndearnadh iarratas ar choinneáil Ceada Pleanála. Nuair a bheidh cead faofa ní mór don sholáthraí cóip den phleanáil a chur faoi bhráid na hOifige Cigireachta Luathbhlianta. Nuair a bheidh coinníollacha curtha i bhfeidhm ní mór don soláthraí dearbhú a sholáthar ón duine inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha.</p>
---	--	---	---	---

Seirbhís ag feidhmiú seacht mbliana nó níos mó	Cead Pleanála	Dearbhú ó dhuine inniúil gur comhlíonadh aon choinníollacha a bhí le cur i bhfeidhm.	Mionnscríbhinn faoi mhionn go bhfuil an tseirbhís ag feidhmiú ar feadh seacht mbliana nó níos mó go leanúnach san áit lena mbaineann an t-iarratas.	Caithfidh an tréimhse a bheith leanúnach ar feadh seacht mbliana nó níos mó gan aon chur isteach ar an tseirbhís. (gan tréimhsí Saoire san áireamh)
Seirbhís ag feidhmiú seacht mbliana nó níos mó le tréimhsí dúnta eatramhacha (gan tréimhsí Saoire san áireamh) le linn na seacht mbliana roimhe sin.	Cead Pleanála	Dearbhú ó dhuine inniúil gur comhlíonadh aon choinníollacha a bhí le cur i bhfeidhm.	Iarratas ar Choinneáil Cead Pleanála leis an údarás áitiúil ábhartha.	Caithfidh an soláthraí fianaise a sholáthar ón údarás áitiúil go ndearnadh iarratas ar choinneáil Cead Pleanála. Nuair a bheidh cead faofa ní mór don sholáthraí cóip den phleanáil a chur faoi bhráid na hOifige Cigireachta Luathbhlianta. Nuair a bheidh coinníollacha curtha i bhfeidhm ní mór don soláthraí dearbhú a sholáthar ón duine inniúil gur comhlíonadh na coinníollacha.